



FÓGRA FOLÚNTAIS OIFIGEACH SOLÁTHAIR (F/M)

TAG.: ESMA/2017/VAC10/AD5

Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach ¹
Feidhmghrúpa agus grád	AD5
Fad an chonartha	5 bliana: d'fhéadfaí síneadh ama a chur leis ²
Roinn	Roinn Acmhainní (Foireann Airgeadais & Soláthair)
Áit fostaíochta	Páras, An Fhrainc
Spríodháta le haghaidh iarratas	12/06/2017 (23.59 uair, am áitiúil Pháras)
Liosta ionadaithe bailí go dtí	31/12/2018 ³

1. An tÚdarás

Is údarás neamhspleách de chuid an AE é ESMA a bunaíodh an 1 Eanáir 2011. Is é an misean atá leagtha síos d'ESMA ná feabhas a chur le cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht agus rianúlacht na margaí airgeadais a chur chun cinn. Eascaíonn an misean ón Rialachán⁴ lenar bunaíodh ESMA agus tá trí chuspóir i gceist leis:

- **Cosaint Infheisteoirí:** chun a chinntiú go ndéantar freastal níos fearr ar riachtanais tomhaltóirí airgeadais agus a gcuid ceart mar infheisteoirí a threisiú agus, san am céanna, a gcuid freagrachtaí a aithint.
- **Rianúlacht na margaí:** chun sláine, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus dea-fheidhmiú na margaí airgeadais a chur chun cinn mar aon le bonneagar margaidh urrúnta, agus
- **Cobhsaíocht airgeadais:** chun an córas airgeadais a neartú ionas gur féidir leis géarchéimeanna airgeadais a sheasamh agus gan ligean d'éagothromaíochtaí airgeadais dul as smacht, agus fás eacnamaíoch a spreagadh.

Cuireann ESMA an misean sin i gcrích i gcomhthéacs an Chórais Eorpaigh Maoirseoirí Airgeadais (CEMA) trí chomhoibriú gníomhach leis na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla (go háirithe le rialtóirí margaí urrúis) chomh maith leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Tá ról ar leith ag ESMA laistigh den CEMA, agus é ag díriú ar mhargaí urrúis agus airgeadais agus ar na gnéithe uileghabhálacha Eorpacha

¹ I gcomhréir le hAirteagal 2(f) de [Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile \(CEOS\)](#) an Aontais Eorpaigh.

² Is féidir gníomhairí sealadacha atá ag obair ar a gcéad chonradh a fhostú ar feadh tréimhse seasta 5 bliana. Má chuirtear síneadh ama leis an gconradh ina dhiaidh sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann. Maireann an tréimhse phromhaidh don chéad chonradh ar feadh naoi mí.

³ D'fhéadfaí go gcuirfí síneadh ama le tréimhse bailíochta an liosta ionadaithe.

⁴ Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach Maoirseachta (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún.

de na cuspóirí sin. I gcomhar tuilleadh eolais, féach suíomh gréasáin ESMA: <http://www.esma.europa.eu>

2. Comhthéacs & próifíl an phoist

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag ESMA do phost mar **Oifigeach Soláthair**. Is é atá mar aidhm leis an nós imeachta roghnúcháin iarrthóir oiriúnach a earcú don fhoireann Airgeadais & Soláthair laistigh de Roinn Acmhainní ESMA.

Tá an Roinn Acmhainní freagrach as acmhainní agus feidhmeanna tacaíochta an Údaráis. Tá an Roinn struchtúrtha ina ceithre chuid:

- An fhoireann Airgeadais & Soláthair - ullmhú agus cur chun feidhme an bhuiséid agus an phlean soláthair, agus cinntiú go reáchtáiltear idirbhearta buiséid mar is ceart, agus i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme de chuid an AE;
- An tAonad Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide (TFC) - ullmhú agus cur chun feidhme chlár straitéiseach TF ESMA, chomh maith le cur chun feidhme agus cothabháil córas agus líonraí TF an Údaráis a chinntiú;
- An fhoireann Acmhainní Daonna - tacú le foireann ESMA maidir le gach ceist a bhaineann le hearcaíocht, párolla, cearta daoine aonair agus forbairt gairme, agus
- An fhoireann Bainistíochta Saoráidí - freagrach as saoráidí an Údaráis a reáchtáil go paiteanta agus as fáil earraí agus seirbhísí, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta an AE maidir le soláthar poiblí. Chomh maith leis sin, déanann an fhoireann Bainistíochta Saoráidí cúram de shláinte, sábháilteacht agus slándáil fhoireann ESMA agus daoine a thugann cuairt ar ESMA.

Príomhdhualgais

- a chinntiú go gcomhlíontar le rialacha agus le rialacháin Soláthair an AE agus le treoracha agus le treoirínte inmheánacha maidir le nósanna imeachta soláthair;
- comhairle a thabhairt maidir le ceisteanna ginearálta soláthair i gcomhréir leis na beartais agus rialacháin ábhartha;
- cur le tuilleadh forbartha agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí soláthair an Údaráis;
- conarthaí agus doiciméid soláthair a dhréachtú, a bhfoilsíú a eagrú agus gach nós imeachta ábhartha a fhorghníomhú, lena n-áirítear comhaid tairisceana agus doiciméid tacaíochta a athbhreithniú agus a réiteach;
- comhairle dhlíthiúil soláthair agus tacaíocht riaracháin a sholáthar i rith na nósanna imeachta soláthair;
- treoracha, caighdeáin, treoirínte agus teimpléid a bhaineann le soláthar a fhorbairt agus a chothabháil;
- páirt a ghlacadh in agus comhairle a thabhairt le linn idirbheartaíochta agus nuair a bhíonn tairiscintí á n-oscailt agus á meas de réir mar is cuí;
- feidhmiú mar phointe teagmhála le haghaidh cumarsáide le tairgeoirí i rith na nósanna imeachta soláthair, agus
- aon tasc cuí eile de réir mar a bheidh á shannadh ag an gCeannaire Foirme.

3. Cáilíochtaí gairmiúla agus riachtanais eile

A. Critéir incháilitheachta

Chun a bheith incháilithe, ní mór do na hiarrthóirí na critéir incháilitheachta ar fad atá liostaithe thíos a shásamh faoin spriocdháta d'iarraitais:

- leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn le trí bliana de staidéar ollscoile críochnaithe arna bhfianú ag dioplómas⁵;
- a bheith ina náisiúnach de Bhallstát an Aontais Eorpaigh nó den LEE (an Iorua, Lichtinstéin, an Íoslainn);
- a gcearta iomlána mar shaoránaigh a bheith á dteachtadh acu⁶;
- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air nó uirthi leis an dlí is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici;
- na teistiméireachtaí cuí maidir le carachtar a chur ar fáil a léiríonn a n-oiriúnacht chun na dualgais a chur i gcrích;
- eolas críochnúil ar cheann de theangacha an Aontais Eorpaigh⁷ agus eolas sásúil⁸ ar theanga eile den Aontas Eorpach, agus
- a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur i gcrích⁹.

B. Critéir roghnúcháin

CÉIM AN RÉAMHSCAGTHA

Déanfar iarraitais ina gcomhlíontar na critéir Incháilitheachta thuas (cuid A) a mheas in aghaidh na mBunriachtanas (cuid B.1). Maidir le hiarrthóirí nach gcomhlíonann gach ceann de na Bunriachtanais (cuid B.1), eisiafar iad ón bpróiseas roghnúcháin.

Maidir le hiarrthóirí a chomhlíonann gach ceann de na Bunriachtanais (cuid B.1), déanfar iad a scóráil in aghaidh na riachtanas Buntáisteach (cuid B.2). Laistigh den mheastóireacht chomparáideach ar iarraitais, is don seisear iarrthóirí a fhaigheann na scóir is airde agus a bhaineann an scór íosta 65 % amach araon, a thabharfar cuireadh chun agallaimh agus chun tástáil scríofa a dhéanamh.

B.1. Bunriachtanais

- a) Taithí oibre, trí bliana ar a laghad, (faighte i ndiaidh na híoscháilíochta a bhaint amach, féach pointe 3A) i réimse an tsoláthair laistigh d'Institiúid/Gníomhaireacht AE;
- b) Taithí oibre ar phleanáil agus ar thuairisciú i réimse an tsoláthair phoiblí san AE;

⁵ Ní bhreithneofar ach cáilíochtaí a bronnadh i mBallstáit an AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údarás sna Ballstáit sin.

⁶ Sula gceaptar é/í sa phost, iarrfar ar an iarrthóir rathúil teastas a chur ar fáil ó na póilíní a léiríonn nach bhfuil aon taifead coiriúil acu.

⁷ Is iad seo a leanas teangacha an AE: an Bhulgáiris, an Chróitis, an tSeicis, an Danmhairgis, an Béarla, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Ungáiris, an Ghaeilge, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, Máltais, an Pholainnis, an Rómáinis, an tSlóvaic, an tSlóivéinis, an Spáinnis agus an tSualainnis.

⁸ Ar leibhéal B2 ar a laghad, faoin gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

Cuirfear na hiarrthóirí dá dtuagtar cuireadh chuig agallamh faoi scrúdú béil maidir lena gcuid eolais ar an dara teanga den AE.

⁹ Sula gceaptar é nó í sa phost, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi scrúdú i gceann d'ionaid leighis an AE chun a dheimhniú go gcomhlíonann an t-iarrthóir riachtanais Airteagal 12(2)(d) de na CEOS (a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh).

- c) Eolas maidir le nósanna imeachta soláthar poiblí an AE a ullmhú, a oscailt agus a mheas;
- d) Taithí oibre ar chonarthaí a dhréachtú agus idirghníomhaíocht/idirbheartaíocht le conraitheoirí;
- e) Ardchaighdeán Béarla scríofa agus labhartha¹⁰.

B.2. Riachtanais bhuntáisteacha

- f) Ag tagairt do chritéir "a", ghlacfaí le taithí sa bhreis ar na trí bliana a iarrtar mar bhuntáiste;
- g) Eolas ar rialacha agus rialacháin a bhaineann le soláthar poiblí san AE;
- h) Taithí ar a bheith ag obair le conraitheoirí/tairgeoirí soláthair sa réimse; TFC;
- i) Eolas agus taithí ar phróisis airgeadais agus bhuiséadaithe AE;
- j) Céim acadúil i Riarachán Gnó, Díl, Airgeadas nó réimse cosúil;
- k) Ardscileanna cumarsáide agus an cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- l) Inspreagadh don phost a fógraíodh.

CÉIM NA nAGALLAMH & NA dTÁSTÁLACHA SCRÍOFA

Déanfar na hiarrthóirí a dtugtar cuireadh chuig agallaimh agus tástálacha scríofa dóibh a mheas faoi gach critéar roghnúcháin (codanna B1 & B2 & B3).

B.3. Riachtanais bhreise

- a) Meon aigne dírithe ar an gcliant san obair;
- b) An cumas chun obair a dhéanamh mar dhuine d'fhoireann agus comhoibriú le daoine eile go héasca;
- c) Cumas tosaíochtaí a bhainistiú, oibriú faoi bhrú agus spriocdhátaí dochta a chomhlíonadh, agus
- d) A bheith féinmhuiníneach agus a bheith in ann dúshlán tuairimí daoine eile a thabhairt agus san am céanna caidreamh maith a chothabháil.

Iarrthóirí a fhaigheann 65% ar a laghad de na pointí ar fad san agallamh agus sa scrúdú scríofa araon, áireofar iad sa liosta ionadaithe d'iarrthóirí oiriúnacha.

Féadfar leas a bhaint as an liosta ionadaithe chun earcaíocht a dhéanamh do phost comhchosúil ag brath ar riachtanais ESMA. Ní fhágann iarrthóirí a bheith ar an liosta ionadaithe gur cinnte go ndéanfar tú a earcú.

B.4. Conas iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, ní mór d'iarrthóirí na doiciméid seo a leanas a sheoladh chuig an seoladh seo vacancies@esma.europa.eu faoin spriocdháta d'iarratais:

- Ní mór CV agus litir inspreagtha i mBéarla (teanga oibre ESMA11) a bheith san áireamh san iarratas;

¹⁰ Leibhéal B2 ar a laghad.

Is é Béarla teanga oibre ESMA, arna chinneadh ag Bord Bainistíochta ESMA leis an gcinneadh ESMA/2011/MB/3 den 11/01/2011. Leis an gcinneadh sin, cuirtear Airteagal 73(2) de [Rialachán \(AE\) Uimh. 1095/2010](#) lenar bunaíodh ESMA chun feidhme.

¹¹ Féach fo-nóta 10.

- Ní mór uimhir thagartha an fhógra folúntais a mharcaíl ar na doiciméid iarratais (féach na teimpléid thíos).

CV san fhormaid Eorpach (Europass)¹², sábháilte mar:

ESMA_2017_VAC10_AD5_SLOINNE_Ainm_CV
 Sampla ESMA_2017_VAC10_AD5_SMITH_Anna_CV

Litir inspreagtha nach faide ná 2 leathanach, a mhíníonn spéis agus inspreagadh an iarrthóra don phost agus don phróifíl áirithe, sábháilte mar:

ESMA_2017_VAC10_AD5_SLOINNE_Ainm_Litir inspreagtha

Sonragh i líne ábhar an ríomhphoist:

ESMA_2017_VAC10_AD5_SLOINNE_Ainm_CV

Déanfar iarrthóirí a mheas ar bhonn na gcritéir incháilitheachta agus roghnúcháin atá sonraithe san fhógra folúntais (mar a mhínítear i gcuid 3) agus caithfear na critéir sin a chomhlíonadh faoin spriocdháta d'iarratais.

4. Achoimre ar na coinníollacha fostaíochta

- D'fhéadfaí conradh fostaíochta cúig bliana mar ghníomhaire sealadach a thairiscint d'iarrthóirí seachtracha rathúla. Má chuirtear síneadh ama leis an gconradh ina dhiaidh sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann.
- Ceapfar iarrthóirí seachtracha rathúla chuig an ngrád, agus cuirfear i gcéim 1 nó 2 iad.

Grád/céim	Riachtanais íosta i gcomhair rangú i gcéim ¹³ (leibhéal riachtanach de staidéir ollscoile + líon íosta blianta taithí tar éis an chéim ollscoile a bhaint amach)	Buntuarastal ¹⁴	Buntuarastal glan míosúil, lena n-áirítear liúntais shonracha ¹⁵
AD5 céim 1	Céim ollscoile 3 bliana	EUR 4,600	EUR 6,000
AD5 céim 2	Céim ollscoile 3 bliana + taithí 3 bliana	EUR 4,790	EUR 6,200

- Déantar an buntuarastal míosúil a iolrú faoi mhéid na comhéifeachta ceartaithe don Fhrainc (113.8% faoi láthair).
- Tá tuarastail faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse agus iad díolmhaithe ó cháin náisiúnta.
- Ag brath ar na cúinsí teaghlaigh agus an áit bhunaidh, d'fhéadfaí go mbeadh sealbhóir an

¹² <http://europass.cedefop.europa.eu/en/documents/curriculum-vitae>

Déan tagairt do gach critéir roghnúcháin sa CV.

¹³ Cinneadh ESMA/2011/MB/55 ó Bhord Bainistíochta ESMA, lena nglactar rialacha cur chun feidhme maidir le rangú i ngráid agus i gcéimeanna ar cheapadh nó earcú - Cinneadh ón gCoimisiún (C(2004) 1313 an 07/04/2004):

https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/ta_rules_on_classification_in_grade_and_step.pdf

¹⁴ Faisnéis maidir leis an mbuntuarastal. An buntuarastal arna ualú ag an gcomhéifeacht ceartúcháin don Fhrainc (113.8 % faoi láthair).

¹⁵ Meastachán den ghltuarastal, lena n-áirítear cáin agus slándáil shóisialta a bhaint as, agus na liúntais a chur leis (cuimsíonn an meastachán seo liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh agus liúntas do leanbh cleithiúnach amháin). Braitheann na liúntais ar chúinsí pearsanta an iarrthóra ar aon chuma.

phoist i dteideal: liúntas easaoránachta (16% den buntuarastal), liúntas teaghlaigh, liúntas linbh cleithiúnaigh, liúntas oideachais, liúntas réamhscoile, liúntas socraithe isteach, aisíocaíocht na gcostas aistrithe, liúntas sealadach tosaigh cothaithe, agus sochair eile.

- Teidlíocht saoire bliantúla de dhá lá in aghaidh na míosa féilire agus laethanta sa bhreis ag brath ar aois, grád, 2.5 lá saoire baile más infheidhme, agus 17 lá saoire ESMA in aghaidh na bliana;
- Scéim Pinsin an AE (tar éis deich mbliana seirbhíse);
- Comhscéim Tinnis agus Árachais (JSIS) an AE, cosaint árachais ó thimpiste agus galar ceirde, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil, agus
- Oiliúint ghairmiúil ghinearálta agus infheidhme, agus deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil.

Faisnéis a fhorchoimeádtar d'iarrthóirí arna bhfostú faoi Airteagal 2(f) de CEOS i ngníomhaireachtaí AE seachas ESMA:

I gcomhréir le Cinneadh ESMA/2015/MB/56 ó Bhord Bainistíochta ESMA¹⁶, lena nglactar na rialacha cur chun feidhme maidir leis an nós imeachta lena rialaítear fostú agus úsáid ball foirne sealadach faoi Airteagal 2(f) de CEOS, agus Airteagal 12(2) go háirithe, má bhaineann ceann de na cúinsí seo a leanas le hiarrthóir a éiríonn leo sa nós imeachta roghnúcháin seo, ar an dáta deiridh d'iarratais, agus ar an dáta a thosaíonn siad ag obair in ESMA

- a bheith ina bhall foirne sealadach faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile, agus
- a bheith fostaithe laistigh dá g(h)níomhaireacht i bhfeidhmghrúpa agus grád laistigh de AD5 – AD6,

tabharfaidh ESMA an deis don iarrthóir, i scríbhinn:

- a) a bheith ceaptha sa phost trí scéim soghluaiseachta, de réir Airteagal 10 de ESMA/2015/MB/56. Sa chás sin, beidh an Conradh le ESMA leanúnach leis an Conradh ón ngníomhaireacht ina raibh siad ag obair roimhe sin (go háirithe maidir leis an ngrád, an chéim, sinsearach laistigh den chéim, agus an tréimhse),
NÓ
- b) a bheith ceaptha sa phost ar bhonn Conradh nua ar feadh tréimhse fhosaithe de chúig bliana, faoi réir tréimhse phromhaidh de 9 mí, ag an ngrád atá sonraithe san fhógra folúntais sheachtraigh (AD5)¹⁷.

I gcomhair tuilleadh faisnéise, féach leathanach Gairmréime ESMA:

<https://www.esma.europa.eu/about-esma/careers>

5. Cosaint Sonraí

Déanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a éilíonn Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000, maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Tá feidhm shonrach aige sin maidir le rúndacht agus slándáil na sonraí sin. I gcomhair tuilleadh faisnéise, féach an [ráiteas príobháideachais maidir le nósanna imeachta earcaíochta](#).

¹⁶ <https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/2015/10/2015-mb-56.pdf>

¹⁷ Beidh rangú sa chéim sin bunaithe ar Airteagail 15 nó 55 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile, de réir mar is cuí.